C/2024/2257

20.3.2024

Foilsiú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(C/2024/2257)

Lena fhoilsiú seo, tugtar an ceart cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo.

DOICIMÉAD AONAIR

‘Dithmarscher Gans’

Uimh. AE: PGI-DE-02964 — 14.6.2023

ATFC ( ) TGFC (X)

1. **Ainm(neacha) [TGFC]**

‘Dithmarscher Gans’

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

An Ghearmáin

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an táirge bia**

3.1. *An cineál táirge*

Aicme 1.1. Feoil úr (agus scairteach)

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Cineál traidisiúnta den ghé dhúchasach é Dithmarscher Gans, a póraíodh den chéad uair thart ar 150 bliain ó shin ar limistéar talún beag, caol idir aibhneacha Eilbe agus Eider, is é sin réigiún Dithmarschen. Gé scafánta is ea an Dithmarscher Gans a bhaineann buntáiste as a bheith tógtha ar thalamh saor-raoin i móinéir agus riasca móra fliucha réigiún Dithmarschen, ag an gcéim tosaigh ar a laghad suas go mbíonn an sicín 21 lá d’aois agus toisc go gcoimeádtar na héin a bhfuil na cinn óga acu. Is gé réasúnta trom í agus a meáchan ramhraithe idir 6 kg agus 8 kg ar an meán. Tá cáil uirthi as a ardchumas innilte agus as a conablach cruinn agus teann. Nuair a bhíonn sí réidh le marú, bíonn an ghé idir 75 cm agus 95 cm ar fad de ghnáth. Mar gheall ar bhunús an chineáil traidisiúnta seo den ghé dhúchasach, a rinneadh a chrosphórú le géanna dúchasacha eile de thionscnamh na Danmhairge thart ar 150 bliain ó shin, is cineál é atá anois an-bhlasta agus tréan, atá an-bhainteach le réigiún Dithmarschen sna grúpaí tomhaltóra ábhartha. Tá cion ard d’aigéid shailleacha neamhsháithithe mar shaintréith go háirithe ag an Dithmarscher Gans, mar a léirítear i mblas sonrach don tomhaltóir, mar gheall, i saol na n-ainmhithe, gurb í an tsaill an tsubstaint a thugann an blas don fheoil. Anuas ar an meáchan ard ramhraithe deiridh agus an cion cothrom feola ardluacha, tá leibhéal aigéad sailleach neamhsháithithe timpeall 17 g in aghaidh an 100 g de tháirge feola mar shaintréith áirithe ag an Dithmarscher Gans. Tá blas réasúnta trom aramatach, cineál olúil ar an Dithmarscher Gans de bharr an cion ard d’aigéid shailleacha neamhsháithithe atá inti. Tá an fheoil dorcha agus éadrom i gcomparáid le feoil eile, agus an-súmhar.

Tá feoil righin na matán mar shaintréith ag an Dithmarscher Gans a bhfuil cion saille an-íseal ann (thart ar 31 g de shaill ar an meán in aghaidh na gé, lena n-áirítear an craiceann, nuair a mharaítear í) mar gheall ar a tionscnamh geografach i réigiún Dithmarschen agus ina foirm shonrach. Tá cion níos airde d’aigéid shailleacha neamhsháithithe inti ná mar atá i ngéanna eile. Is thart ar 2:1 an cóimheas idir aigéid shailleacha neamhsháithithe agus aigéid shailleacha sháithithe. Tá cóimheas feola/saille/cnáimhe níos fabhraí sa Dithmarscher Gans ná in aon ghé eile agus neart de ar an mbrollach agus ar na ceathrúna, le meán timpeall 16 % d’fheoil bhrollaigh agus timpeall 14 % d’fheoil ar na ceathrúna. Díoltar Dithmarscher Gans úr agus reoite ina gé iomlán, ina conablach iomlán, mar bhrollach gé, cosa gé agus gibléidí. I measc na dtáirgí eile a dhéantar as Dithmarscher Gans tá lorgaí réamhullmhaithe (úr agus reoite).

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1151/oj

Mar gheall gur tógadh na géanna sin faoi dhálaí saor-raoin ar an mbealach traidisiúnta, i.e. le tréimhse réasúnta fada innilte, is é sin16 seachtaine ar a laghad, ag brath ar an aois mharaithe, agus ón 22ú lá dá saol (an ceathrú seachtain) freisin b'fhéidir lasmuigh de réigiún Dithmarschen, bíonn blas an-aramatach agus nádúrtha orthu, atá an-difriúil leis an mblas a bhíonn ar chineálacha eile gé.

3.3. *Beatha (maidir le táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (maidir le táirgí próiseáilte amháin)*

Sa chéad chéim táirgeachta, i.e ó thagann na héin amach i ngorlann go mbíonn siad 21 lá d'aois (3 seachtaine), ní úsáidtear ach beatha ina bhfuil 70 % ar a laghad de ghránaigh nó farae glas ó limistéar Dithmarschen do na héin a mbíonn éin óga acu agus na góislíní.

Sa dara céim táirgeachta, i.e ón 22ú lá d'aois (an ceathrú seachtain), tugtar gránaigh nó farae glas (70 % ar a laghad den mheascán beatha iomlán) go príomha ó limistéar Dithmarschen mar bheatha do na góislíní. Tá an 30 % eile den bheatha plandabhunaithe ar fad, agus cuirtear mianraí agus vitimíní leis más gá, ach ní úsáidtear feabhsaitheoirí fáis ná táirgí tréidliachta próifiolacsacha.

3.4. *Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór dóibh tarlú sa limistéar geografach sainithe*

Tagann an Dithmarscher Gans agus na táirgí feola atá bainteach leis as réigiún Dithmarschen. Tógtar na góislíní i réigiún Dithmarschen i gcéim tosaigh ó thagann siad amach as na huibheacha go mbíonn siad 21 lá d'aois. Na héin a mbíonn na cinn óga acu a úsáidtear, coinnítear iad ar bhonn saor-raoin in Dithmarschen.

Sa dara céim táirgeachta, ón 22ú lá dá saol ar aghaidh (an ceathrú seachtain), tógtar na góislíní i réigiún Dithmarschen nó i réigiúin eile i dtuaisceart na Gearmáine faoi dhálaí saor-raoin. Sa tríú céim táirgeachta, aistrítear an Dithmarscher Gans le marú le haird chuí i gcomhréir leis na ceanglais ar a dtugtar tuairisc thíos.

Ní mór do na géanna sin uile agus táirgí a dhíorthaítear astu a lipéadaítear mar Dithmarscher Gans teacht ón gcineál traidisiúnta den Dithmarscher Gans. Is gá clár póraithe a choimeád maidir le rogha agus caomhnú shaintréithe an Dithmarscher Gans.

Coinnítear na línte póraithe ar ghabháltas atá lonnaithe in Dithmarschen. Roghnaítear géanna le pórú ar bhonn meánluacha, acmhainneacht innilte agus beochta.

Déantar an Dithmarscher Gans a luchtú go deas réidh chun iad a iompar lena marú. Iompraítear iad deireanach sa tráthnóna nó le linn na hoíche. Is é 20 seachtain ar a laghad an aois mharaithe íosta i gcás gé, nó 16 seachtaine i gcás éan gé. Próiseáiltear an Dithmarscher Gans trí úsáid a bhaint as an modh maraithe tirim.

3.5. *Sainrialacha maidir le slisniú, grátáil, agus pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

3.6. *Sainrialacha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Is réigiún i dtuaisceart na Gearmáine an limistéar geografach, a bhfuil eolas air go stairiúil chun críocha talmhaíochta, mar Dithmarschen. Tá uisce timpeall ar réigiún Dithmarschen ar gach taobh, is é sin, an Mhuir Thuaidh, aibhneacha an Eider agus na hEilbe agus Canáil Kiel, agus ní féidir teacht air ach thar dhroichid nó ar bhád farantóireachta. Tá réigiún Dithmarschen, as a dtagann an Dithmarscher Gans, treormharcáilte ar an taobh thiar ag an Muir Thuaidh, ó dheas ag an Eilbe agus ar an taobh thoir agus ó thuaidh ag Canáil Kiel agus aibhneacha an Eider agus na hEilbe faoi seach.

Tá bunúis stairiúla freisin dá bhrí sin ag réigiún Dithmarschen agus tugadh 'Saorphoblacht na bhFeirmeoirí' air go traidisiúnta.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an t-iarratas chun 'Dithmarscher Gans' a chlárú mar TGFC bunaithe ar shaintréithe agus ar cháilíocht shonrach an táirge. Is de thoradh tógáil ábhartha géanna i réigiún seo Dithmarschen atá na saintréithe sin acu.

Saintréith de réigiún Dithmarschen is ea tírdhreach bogthaise agus an fásra sonrach ann. Tá sé suite idir uiscebhealaí ar thaobh amháin agus an Mhuir Thuaidh ar an taobh eile, rud a chruthaíonn meascán uathúil d'aer na farraige, aimsir fhliuch agus móinéir agus riasca méithe. Tá féarthailte fairsinge i dtírdhreach Dithmarschen atá iontach le haghaidh feirmeoireacht géanna agus chun beatha géanna a tháirgeadh. Tá dálaí optamacha iontu chun na héin a mbíonn cinn óga acu agus na góislíní a phórú agus a thógáil, mar gheall ar an timpeallacht fhliuch.

Tarlaíonn sé sa nádúr freisin, go bhfágann éin a ngnáthóg dhúchasach agus go lorgaíonn siad limistéir phóraithe agus chónaithe ina bhfuil dálaí optamacha le haghaidh gach speicis. I ndeireadh na dála, tarlaíonn sé sin ar chúis amháin, agus is é sin chun sleachta a phórú ag a mbeidh saintréithe fisiciúla optamacha. I gcomparáid le speicis éanlaithe choitianta eile, éan is ea an ghé a bhfuil gaol gairid aici lena dúchas nádúrtha agus, mar is gnách san fhiántas, ní thógann sí a sleachta ach le linn séasúr áirithe den bhliain. Baintear leas as sin chun an Dithmarscher Gans a choimeád agus a phórú. Spreagann na dálaí atá i réim i limistéar Dithmarschen na géanna chun saintréithe speisialta a chur ar aghaidh nach féidir a bhaint amach ach faoi dhálaí optamacha. Fágann sainchláir phóraithe éifeachtacha go mbíonn na géanna mór le sraith brollaigh thar barr agus an cóimheas inmhianaithe idir feoil, saill agus cnámh, a tháirgtear faoi na dálaí optamacha sin. Tógtar na héin Dithmarscher Gans sin i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach thuas, amhail soláthar flaithiúil de spás glas, agus beatha le híosmhéid 70 % gránaigh agus/nó ábhar glas ó réigiún Dithmarschen le linn chéimeanna uile an táirgthe, amhail is dá mbeidís san fhiántas. Tar éis dóibh teacht amach as na huibheacha agus iad a thógáil go dtí go mbeidh siad 21 lá d'aois i réigiún Dithmarschen, féadfaidh siad na dálaí céanna a fháil i réigiúin eile de thuaisceart na Gearmáine, amhail an chuid eile de Schleswig-Holstein, an tSacsain Íochtarach, Mecklenburg-Western Pomerania nó Brandenburg. I dtéarmaí a gcineáil agus a dtionscnaimh, tá saintréithe acu as ar eascair na dálaí ramhraithe agus na saintréithe cáilíochta inmhianaithe. Thairis sin, mar a fheictear san fhiántas, nuair a scaiptear an ramhrú ina dhiaidh sin ar fud thuaisceart na Gearmáine ina iomláine ciallaíonn sé sin nach bhfuil an speiceas comhchruinnithe i limistéar áirithe amháin.

Cuidíonn sé sin chun cosc a chur ar phataiginí teacht chun cinn agus tacaíonn sé le forbairt na saintréithe cáilíochta inmhianaithe, amhail cion ard feola ó na matáin gan ach fíorbheagán saille.

Tá an prionsabal ginearálta maidir leis an gcéad chéim fíor-riachtanach den táirgeacht, is é sin na héin a bhfuil éin óga acu a choimeád agus an gor agus an tógáil a bhaineann leis na góislíní go mbeidh siad 21 lá d'aois, go dtarlaíonn sé sin i réigiún Dithmarschen agus gurb é sin an bhunchloch agus an prionsabal is tábhachtaí de tháirgeadh an Dithmarscher Gans. Is coinníoll é sin maidir le sainiúlacht shliocht Dithmarscher Gans. Is féidir na hainmhithe a ramhrú ansin i bhfeirmeoireacht saor-raoin faoi na dálaí tógála agus atáirgthe thuasluaite ar fud thuaisceart na Gearmáine.

Ní bheidh saintréithe cáilíochta na ngéanna sonrach sin difriúil. Tá na saintréithe fisiciúla agus cáilíochta ar a dtugtar tuairisc thuas ag na hainmhithe, á n-idirdhealú ó ghéanna eile nach as Dithmarschen iad.

Riamh anall, bhí feirmeoirí áitiúla géanna ag díol géanna Dithmarscher ag margaí feirme séasúracha agus ag margaí speisialta gé. Tairgtear miasa agus táirgí gé traidisiúnta, mar shampla, san fhómhar timpeall ar Lá Fhéile Mártain (11 Samhain) agus suas go dtí an Nollaig.

Taistealaíonn tomhaltóirí go Dithmarschen ó réigiúin eile chun miasa éagsúla gé a ithe amhail gé rósta le cabáiste dearg nó bachlóga Bruiséile, nó miasa traidisiúnta eile ina bhfuil feoil ghé, nó chun táirgí Dithmarscher Gans a cheannach (amhail an t-éan iomlán, cosa, gibléidí nó a mhacasamhail) díreach ón táirgeoir. Tá tóir ar Dithmarscher Gans ní hamháin i measc tomhaltóirí ach freisin san earnáil lónadóireachta ar fud an réigiúin agus níos faide i gcéin mar ghé a bhfuil ardcháilíocht ar leith ag baint léi. Díol spéise réigiúnach sonrach do thurasóirí is ea na margaí gé agus na feachtais díolacháin traidisiúnta le linn shéasúr an mharaithe a forbraíodh timpeall ar Dithmarscher Gans mar tháirge a bhaineann leis an réigiún. Dá bhrí sin, gabhann traidisiún fada tógála, faireacháin agus margaíochta leis an Dithmarscher Gans sna sealúchais ghé sách beag i réigiún Dithmarschen.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

https://register.dpma.de/DPMAregister/geo/detail.pdfdownload/42379